# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2019**

# CUNTASAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN 19 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 5.00

**Tá an páipéar seo leagtha amach ina 3 Roinn**:

| **Roinn 1**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc). |
|---|
| Tá ceithre cheist sa roinn seo (uimhreacha 1 - 4). Tá 120 marc ag gabháil leis an gcéad cheist agus 60 marc an ceann ag gabháil leis na trí cheist eile.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **CEIST 1 amháin** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ** cheann ar bith de na trí cheist eile sa roinn seo. |

| **Roinn 2**: **Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc). |
|---|
| Tá trí cheist sa roinn seo (uimhreacha 5 - 7). Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ** cheann ar bith de na ceisteanna a fhreagairt. |

| **Roinn 3**: **Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc). |
|---|
| Tá dhá cheist sa roinn seo (uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist díobh.<br>Ba chóir d'iarrthóirí ceann **AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt. |

| **Áireamháin** |
|---|
| Is ceadmhach áireamháin a úsáid agus na ceisteanna ar an bpáipéar seo á bhfreagairt. Tá sé fíorthábhachtach go dtaispeánfar an t-oibriú amach s(n)a f(h)reagarleabha(i)r sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt ar obair atá ceart. |

**ROINN 1 (120 marc)**
Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile

**1. Cuntais Deiridh Cuideachta**

Tá caipiteal údaraithe de €1,200,000 ag Linken Teo., atá roinnte ina 700,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 500,000 scair thosaíochta 5% ar €1 an ceann. Baineadh an comhardú trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2018:

| | € | € |
|---|---|---|
| Talamh agus foirgnimh ar a gcostas | 850,000 | |
| Dímheas carntha - talamh agus foirgnimh | | 55,000 |
| Veaineanna seachadta (costas €155,000) | 120,000 | |
| Lascaine (glan) | | 15,500 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2018 | | 71,500 |
| Stoic ar láimh 01/01/2018 | 64,500 | |
| Ús bintiúir do na chéad trí mhí | 6,400 | |
| Infheistíochtaí 3% (01/04/2018) | 360,000 | |
| Paitinní (ioncam infheistíochta 5 mhí san áireamh) | 43,500 | |
| Ceannacháin agus díolacháin | 1,045,000 | 1,590,000 |
| Díbhinní íoctha | 55,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfiach | | 4,000 |
| Féichiúnaithe agus creidiúnaithe | 98,200 | 69,100 |
| Banc | | 60,000 |
| Tuarastail agus speansais ghinearálta (fionraí san áireamh) | 243,100 | |
| Bintiúir 7% (lena n-áirítear €60,000 a eisíodh ar 01/04/2018) | | 300,000 |
| Scairchaipiteal eisithe – gnáthscaireanna | | 500,000 |
| – scaireanna tosaíochta 5% | | 200,000 |
| CBL | | 6,800 |
| Fógraíocht | 31,200 | |
| Cúlchiste caipitil | | 45,000 |
| | 2,916,900 | 2,916,900 |

Tá an t-eolas agus na treoracha seo a leanas le cur san áireamh:

(i) Bhí luach €75,400 ar stoic ar a gcostas ar 31/12/2018 – cuimsíonn an figiúr seo stoc damáistithe a chosain €6,000 ach a bhfuil luach glan inréadaithe de 75% dá chostas anois air.

(ii) Le linn na bliana, scriosadh stoc a chosain €7,000 i ndóiteán. Thoiligh an chuideachta árachais cúiteamh de €5,100 a íoc.

(iii) Déanfar costas na veaineanna seachadta a dhíscríobh de réir méid chothroim thar cúig bliana. Déantar dímheas iomlán bliana sa bhliain a nglactar seilbh ar veain agus ní dhéantar aon dímheas i mbliain a diúscartha. Tá dramhluach 5% den chostas tosaigh ar na veaineanna seachadta.

**NÓTA**: Le linn na bliana, rinneadh veain seachadta a chosain €25,000 in 2016 a thrádáil isteach ar €14,000 in aghaidh veain seachadta nua a chosain €40,000. Iontráladh an seic do ghlanmhéid an bhirt seo go cuí sa chuntas bainc ach caitheadh go hearráideach leis mar cheannachán stoc trádála. Seo an t-aon iontráil a rinneadh i dtaca leis an mbeart sin.

(iv) Tugadh faoi deara gur cuireadh earraí chuig custaiméir ar 31/12/2018 ar bhonn 'díol nó aischur'. Iontráladh na hearraí seo sna leabhair mar dhíol creidmheasa de €7,500, is é sin, an costas móide 20%.

(v) Tá paitinní le díscríobh thar thréimhse 5 bliana ag tosú in 2018.

(vi) Tarlaíonn an figiúr fionraí toisc an figiúr mícheart don ús bintiúir (cé go ndearnadh an iontráil cheart sa chuntas bainc) agus an lascaine €460 a fuarthas, a bheith iontráilte i gcuntas na gcreidiúnaithe amháin.

(vii) Rinne an chuideachta talamh agus foirgnimh a athluacháil ar luach €975,000 ar 01/01/2018. Is é €150,000 gné na talún den luach nua seo. Níor cuireadh an athluacháil san áireamh sna cuntais go fóill. Déanfar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% dá gcostas sa bhliain.

(viii) Tógadh an figiúr don bhanc sa chomhardú trialach as taifid na cuideachta féin. Tá ráiteas bainc tagtha dar dáta an 31/12/2018, áfach, a thaispeánann rótharraingt de €62,280. Nuair a rinneadh comparáid idir an cuntas bainc agus an ráiteas bainc, tháinig na neamhréitigh seo a leanas chun solais:
   1. D'ob an banc seic ar €5,600 a fuarthas ó fhéichiúnaí. Dearbhaíodh an féichiúnaí seo ina fhéimheach agus go ndearna sé aistriú creidmheasa mar chéad íocaíocht agus mar íocaíocht deiridh de 30c in aghaidh gach €1 euro dlite.
   2. Níor taifeadadh dochar díreach de €860 do chuideachta dramhaíola áitiúil i leabhair na cuideachta.
   3. Ní raibh seic €2,500, a tugadh do stiúrthóir i gcomhair táillí, seachadta chun íoctha faoin 31/12/2018.

(ix) Mhol na Stiúrthóirí:
   1. Gur cheart soláthar a dhéanamh d'ioncam infheistíochta dlite agus d'ús bintiúir dlite araon.
   2. Go ndéanfaí soláthar in aghaidh drochfiach a choigeartú go 4% de na féichiúnaithe.
   3. Gur cheart coimisiún bónais 5% ar na díolacháin go léir os cionn €1,200,000 a íoc leis an stiúrthóir bainistíochta.
   4. Gur cheart €10,000 a aistriú ó bhrabús chuig an gcúlchiste caipitil.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas trádála, brabúis agus caillteanais a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2018. (75)

**(b)** Clár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2018 a ullmhú. (45**)**

**(120 marc)**

**2. Cuntas Rialúcháin Creidiúnaithe**

Thaispeáin cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe ag C. Mac Eochaidh na hiarmhéideanna seo: €65,432 sr agus €524 dr ar 31/12/2018. Níor réitigh na figiúirí seo le sceideal (liosta) iarmhéideanna na gcreidiúnaithe a baineadh as mórleabhar na gcreidiúnaithe ar an dáta céanna. Léirigh scrúdú ar na leabhair an t-eolas seo a leanas:

(i) Bhí luach €600 de cheannacháin airgid agus luach €440 de cheannacháin chreidmheasa a rinne Mac Eochaidh curtha chun dochair do chuntas soláthraí.

(ii) Chuir Mac Eochaidh luach €5,500 d'earraí ar ais chuig soláthraí agus bhreac é seo i gceart sna leabhair. Ach tháinig nóta creidmheasa ar ais a thaispeáin asbhaint de 10% mar tháille athstocála. Cuireadh méid iomlán an nóta sochair seo chun sochair i gcuntas an chreidiúnaí. Ní dhearnadh aon iontráil eile sna leabhair maidir leis an nóta creidmheasa.

(iii) Ghearr creidiúnaí ús €160 ar Mhac Eochaidh ar chuntas a bhí dlite thar téarma. Ba é an t-aon iontráil a breacadh sna leabhair don ús seo ná €16 a breacadh chun sochair i gcuntas an chreidiúnaí. Tar éis gearán a dhéanamh, laghdaíodh an t-ús go €135 ach níor léiríodh an laghdú seo sna cuntais.

(iv) Iontráladh sonrasc a fuarthas ó E. Ó Loingsigh, a thaispeáin ceannach earraí ar luach €1,450 lúide lascaine thrádála de 20%, i gceart sa leabhar lae cuí agus ansin postáladh ar an taobh mícheart den chuntas pearsanta é.

(v) Fuarthas nóta creidmheasa do €195 ó M. Ó Riain, soláthraí. Ba é an t-aon iontráil a breacadh sna leabhair ná €159 agus cuireadh chun sochair é sa chuntas pearsanta.

(vi) Bhí custaiméir ag Mac Eochaidh ar sholáthraí don gnólacht é freisin. Bhí €545 ag dul do Mhac Eochaidh ón gcustaiméir seo agus aontaíodh go ndéanfaidís fiach amháin a fhritháireamh in aghaidh an chinn eile. Fágadh an fritháireamh seo ar lár go hiomlán, áfach, as na leabhair.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Cuntas rialúcháin mhórleabhar na gcreidiúnaithe coigeartaithe a ullmhú. (24)

**(b)** Sceideal na gcreidiúnaithe coigeartaithe a léiríonn an t-iarmhéid tosaigh a ullmhú. (28)

**(c)** (i) Mínigh an fheidhm a bhaineann le cuntas rialúcháin creidiúnaithe.

(ii) Mínigh an chaoi a bhféadfadh iontráil contra tarlú. (8)

**(60 marc)**

**3. Athluacháil Sócmhainní Seasta**

Ar 1 Eanáir 2008, cheannaigh Mac Giolla Mhártain Teo. réadmhaoin nua ar €480,000 a chuimsigh talamh ar €80,000 agus foirgnimh ar €400,000. Déanann an chuideachta foirgnimh a dhímheas de réir ráta 2% in aghaidh na bliana de réir mhodh an mhéid chothroim. Ní dhéantar talamh a dhímheas. Is é polasaí na cuideachta dímheas iomlán bliana a ghearradh sa bhliain ina nglactar seilbh ar réadmhaoin agus gan aon dímheas i mbliain a diúscartha.

Baineadh na sonraí a leanas as leabhair na cuideachta:

| | |
|---|---|
| Ean 1 2014 | Rinneadh an réadmhaoin a athluacháil ar €620,000. Bhain €120,000 den athluacháil seo leis an talamh a ceannaíodh ar 01/01/2008. |
| Ean 1 2015 | Ceannaíodh foirgneamh ar €130,000. Le linn 2015, íocadh €50,000 le conraitheoir foirgníochta as síneadh a chur leis an bhfoirgneamh seo. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar shíneadh an fhoirgnimh seo freisin agus d'íoc Mac Giolla Mhártain Teo. pá €25,000 san iomlán leo ar son a gcuid oibre. |
| Ean 1 2016 | Díoladh ar €170,000 talamh a chosain €80,000 ach a rinneadh a athluacháil ina dhiaidh sin ar 01/01/2014. In 2016, chaith Mac Giolla Mhártain Teo. €10,000 ar fhoirgnimh a bhí ann cheana féin a dheisiú. |
| Ean 1 2017 | Rinneadh foirgnimh a bhí faoi úinéireacht na cuideachta a athluacháil ar €846,000 (méadú 20% i gcás gach foirgnimh). |
| Ean 1 2018 | Díoladh ar €225,000 an foirgneamh a ceannaíodh agus ar cuireadh síneadh leis in **2015**. Rinneadh an chuid eile de na foirgnimh a athluacháil ar €715,000. |

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) Na cuntais mhórleabhair ábhartha i dtaca leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31/12/2014 go 31/12/2018 a ullmhú.

(**Níl** cuntas bainc ná cuntas brabúis agus caillteanais ag teastáil.)

(ii) An sliocht ábhartha as an gclár comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2018 a thaispeáint.

(52)

**(b)** (i) Déan idirdhealú idir caiteachas caipitil agus caiteachas ioncaim.

(ii) Mínigh cad atá i gceist le cúlchiste ioncaim i gcomhthéacs athluachála. (8)

**(60 marc)**

**4. Ráiteas Táblach**

Léirítear staid airgeadais Uí Mhuilleoir Teo., grósaeir, ar 01/01/2018 sa chlár comhardaithe seo:

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 01/01/2018** | | | |
|---|---|---|---|
| | **Costas** | **Dímheas go dáta** | **Glan** |
| **Sócmhainní Seasta** | € | € | € |
| Talamh agus foirgnimh | 660,000 | 33,000 | 627,000 |
| Veaineanna seachadta | 85,000 | 38,000 | 47,000 |
| | 745,000 | 71,000 | 674,000 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | | 57,120 | |
| Féichiúnaithe (lúide soláthar 5%) | | 78,280 | |
| | | 135,400 | |
| **Lúide Creidiúnaithe**: **suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 64,000 | | |
| Banc | 24,000 | | |
| Speansais dlite | 7,000 | (95,000) | 40,400 |
| | | | 714,400 |
| **Maoinithe ag**: | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Údaraithe - 800,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | | |
| Eisithe - 450,000 gnáthscair @ €1 an ceann | | 450,000 | |
| Scairbhiseach | | 59,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | 205,400 | 714,400 |
| | | | 714,400 |

Rinneadh na bearta seo a leanas le linn 2018:

Ean. Bheartaigh Ó Muilleoir Teo. an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar €800,000 ar 01/01/2018. Baineann €130,000 den luach nua sin leis an talamh.

Fea. Ar 01/02/2018, cheannaigh Ó Muilleoir Teo. gnólacht in aice láimhe a chuimsigh foirgnimh €120,000, veaineanna seachadta €35,000, féichiúnaithe €15,300 agus creidiúnaithe €11,000. Glanadh an praghas ceannaigh trí 140,000 scair in Ó Muilleoir Teo. a thabhairt don díoltóir ar bhiseach 30c an ceann.

Már. Bheartaigh an bhainistíocht go laghdófaí an soláthar in aghaidh drochfhiach go 4% d'fhéichiúnaithe ag deireadh mhí an Mhárta.

Beal. Fuarthas ráiteas bainc ag deireadh mhí na Bealtaine 2018 a léirigh dochar díreach €4,800 chun árachas don bhliain dar críoch 30/4/2019 a chlúdach, agus aistriú creidmheasa €8,800 ar chíos a íocadh roimh ré don tréimhse 1 Bealtaine 2018 go Márta 31 2019.

M.F. Íocadh díbhinn 5c in aghaidh na scaire ar na scaireanna eisithe go léir.

Sam. Fuarthas íocaíocht €840 ó P. Ó Riain, féichiúnaí, ar díscríobhadh a fhiach cheana agus a dteastaíonn uaidh anois trádáil le hÓ Muilleoir Teo. arís. Is ionann seo agus 70% den bhunfhiach agus ghabh an féichiúnaí air féin an chuid eile den fhiach a íoc i mí Feabhra 2019.

An lá céanna díoladh earraí ar luach €780 ar cairde le hÓ Riain. Ba mharcáil suas 20% ar chostas é sin.

Noll. Is é an muirear dímheasa ar na foirgnimh don bhliain ná 2% dá luach de réir na leabhar. Tá an muirear dímheasa le ríomh ó dháta na hathluachála nó ó dháta an cheannacháin de réir mar is cuí. Is é an muirear dímheasa iomlán ar veaineanna seachadta don bhliain ná €21,000.

**Iarrtar ort**:

An tionchar a bhí ag gach ceann de na bearta thuas ar an tsócmhainn agus ar an dliteanas ábhartha a bhreacadh ar ráiteas táblach, agus na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2018 a oibriú amach.

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**
Freagair **DHÁ** cheist ar bith

## 5. Léirmhíniú Cuntas

Baineadh na figiúirí seo a leanas as cuntais deiridh Sionainn cpt., cuideachta a bhaineann le tionscal an fhuinnimh in-athnuaite, don bhliain dar chríoch 31/12/2018. Tá caipiteal údaraithe €900,000 ag an gcuideachta atá comhdhéanta de 600,000 gnáthscair ar €1 an ceann agus 300,000 scair thosaíochta 8% ar €1 an ceann.

Tá 500,000 gnáthscair agus 250,000 scair thosaíochta 8% eisithe ag Sionainn cpt. cheana féin.

| **Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2018** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin | | 960,000 |
| Stoc tosaigh | 50,000 | |
| Stoc deiridh | 60,000 | |
| Costais earraí díolta | | (760,000) |
| Speansais oibriúcháin don bhliain | | (95,000) |
| Ús don bhliain | | (15,000) |
| Glanbhrabús don bhliain | | 90,000 |
| Díbhinní íoctha | | (55,000) |
| Brabús coinnithe | | 35,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 01/01/2018 | | 52,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais 31/12/2018 | | 87,000 |

**Cóimheasa agus eolas don bhliain dar chríoch 31/12/2017**

| | |
|---|---|
| Tuilleamh in aghaidh na gnáthscaire | 10c |
| Díbhinn in aghaidh na gnáthscaire | 5c |
| Cumhdach úis | 4.3 huaire |
| Cóimheas fíorthástála | 0.86:1 |
| Luach margaidh 1 ghnáthscaire | €1.25 |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 5.8% |
| Giaráil | 56% |
| Cumhdach díbhinne | 2 uair |
| Toradh díbhinne | 4% |

| **Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31/12/2018** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | 811,000 |
| Infheistíochtaí (luach an mhargaidh 31/12/2018, €250,000) | | 210,000 |
| | | 1,021,000 |
| **Sócmhainní Reatha** (lena n-áirítear féichiúnaithe €78,000) | 150,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | |
| Creidiúnaithe trádála | (84,000) | 66,000 |
| | | 1,087,000 |
| **Maoinithe ag:** | | |
| Bintiúir 6% (faoi urrús 2025) | | 250,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 500,000 | |
| Scaireanna tosaíochta 8% @ €1 an ceann | 250,000 | |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | 87,000 | 837,000 |
| | | 1,087,000 |

Is é luach margaidh aon ghnáthscair amháin ar 31/12/2018 ná **€1.35**.

**(a)** **Iarrtar ort iad seo a leanas a ríomh do 2018**: (déan an t-áireamh go dtí **dhá** ionad dheachúlacha de réir mar is cuí).

(i) Ceannacháin airgid más í 1.5 mhí an tréimhse creidmheasa a thugtar d' fhéichiúnaithe.

(ii) Toradh díbhinne.

(iii) Cumhdach díbhinne.

(iv) Toradh ar chaipiteal a úsáidtear.

(v) Cóimheas idir praghas agus tuilleamh. (50)

**(b)** Cuir in iúl cé acu an mbeadh nó nach mbeadh na gnáth-scairshealbhóirí sásta le feidhmíocht, staid reatha agus ionchais na cuideachta. Úsáid cóimheasa agus eolas ábhartha eile chun tacú le do fhreagra.

(40)

**(c)** Tá Sionainn cpt ag smaoineamh ar chuideachta grianphainéal, Gener8 Teo., a cheannach in 2019. Chuir Gener8 Teo. an t-eolas seo thíos faoin gclár comhardaithe ar fáil don 31/12/2018.

| | |
|---|---|
| Stoc deiridh | €47,000 |
| Creidiúnaithe | €45,000 |
| Féichiúnaithe | €39,000 |
| Speansais fhabhraithe | €15,000 |
| Speansais réamhíoctha | €13,000 |
| Rótharraingt bhainc | €16,500 |

Bunaithe ar an eolas a thugtar sa tábla thuas:

(i) Ríomh an cóimheas reatha do Gener8 Teo.

Ríomh an cóimheas fíorthástála do Gener8 Teo.

(ii) Úsáid na figiúirí ríofa agus mínigh an fáth a bhfuil sé tábhachtach do Shionainn cpt. anailís a dhéanamh ar an staid leachtachta do Gener8 Teo.

(10)

**(100 marc)**

**6. Cuntais Chlub**

Bhí na nithe seo a leanas san áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais Chlub Gailf Choill an Chírín ar 01/01/2018:

Clubtheach agus cúrsa €550,000, stoc beáir €5,800, trealamh ar a chostas €26,000, ús infheistíochta dlite €400, féichiúnaithe beáir €480, ballraíocht saoil €45,000, creidiúnaithe beáir €750, pá dlite €1,640, cúlchiste tobhaigh €30,000, síntiúis réamhíoctha €1,900.

**Bainean dímheas carntha 2 bhliain leis na sócmhainní seasta go leir ar 01/01/2018**.

Chuir cisteoir an chlub an cuntas seo a leanas ar fáil i dtaobh imeachtaí an chlub i rith na bliana dar chríoch 31/12/2018.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain dar chríoch 31/12/2018**

| **Fáltais** | € | **Íocaíochtaí** | € |
|---|---|---|---|
| Síntiúis | 126,900 | Iarmhéid 01/01/2018 | 7,300 |
| Fáltais lónadóireachta | 8,500 | Ceannacháin bheáir | 38,700 |
| Ús ó infheistíochtaí 4% | 2,800 | Ceannacháin lónadóireachta | 4,900 |
| Fáltais bheáir | 66,200 | Ceannach trealaimh ar 01/04/2018 | 15,000 |
| Táillí iontrála | 12,000 | Speansais éagsúla | 81,500 |
| Urraíocht bhliantúil | 7,400 | Duaiseanna comórtas | 20,100 |
| Deontas ón gCrannchar Náisiúnta | 15,500 | Speansais chóitseála | 5,600 |
| Fáltais chomórtas | 28,000 | Iasacht bhainc móide ús 18 mí íoctha ag 3% sa bhliain ar 31/05/2018 | 20,900 |
| Aistriú ó chumann foirgníochta | 10,000 | Iarmhéid 31/12/2018 | 83,300 |
| | 277,300 | | 277,300 |

Tugtar an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas duit:

(i) Stoic bheáir (lena n-áirítear stoc lónadóireachta €400) €13,600 ar 31/12/2018.

(ii) Féichiúnaithe beáir €500 agus creidiúnaithe beáir €1,230 ar 31/12/2018.

(iii) Ús infheistíochta €300 dlite ar 31/12/2018.

(iv) San áireamh sna síntiúis tá:

1. Cúig bhallraíocht saoil nua chomh maith leis na cúig cinn déag ó 2017.
2. Síntiúis €900 do 2019.
3. Tobhach €50 an duine do 2018 ar 600 ball.
4. Tobhach €50 an duine do 2017 dlite ó 20 ball.

(v) Chinn an club go ndéanfar ballraíocht saoil a chur chun sochair mar ioncam thar thréimhse 10 mbliana ag tosú in 2018.

(vi) Fuarthas an deontas ón gCrannchur Náisiúnta ar bhonn aon uaire chun cabhrú le himeachtaí an chlub ó lá go lá. Ba cheart caitheamh leis dá réir sin mar mhír ioncaim.

(vii) Tá trealamh faoi úinéireacht an chlub ar 31/12/2018 le dímheas ar ráta 20% dá chostas sa bhliain. Tá an clubtheach agus an cúrsa le dímheas ar ráta 2% dá chostas.

(viii) Pá a bhí dlite ar 01/01/2018 do chóitseálaí an chlub fós le híoc. Déan soláthar do €2,500 sa bhreis a bhí dlite mar phá ar 31/12/2018.

**Iarrtar ort**:

**(a)** Ciste carntha an chlub (caipiteal) a thaispeáint ar 01/01/2018. (30)

**(b)** An cuntas ioncaim agus caiteachais a thaispeáint don bhliain dar chríoch 31/12/2018. (35)

**(c)** Clár comhardaithe an chlub mar a bhí ar 31/12/2018 a thaispeáint. (25)

**(d)** Ba mhaith leis an gclub raon gailf nua a thógáil ar chostas €350,000.

Tabhair breac-chuntas ar na roghanna atá ar fáil don chlub chun an tionscadal sin a mhaoiniú trí thagairt do na cuntais. (10)

**(100 marc)**

**7. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas cláir chomhardaithe Mhic Siacais cpt mar a bhí ar 31/12/2017 agus 31/12/2018.

| **Cláir Chomhardaithe mar a bhí ar** | **31/12/2018** | | **31/12/2017** | |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Doláimhsithe** | € | € | € | € |
| Cáilmheas | | 55,000 | | 66,000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Sócmhainní seasta ar a gcostas | 650,000 | | 550,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (125,000) | 525,000 | (80,000) | 470,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí luaite | | 40,000 | | 40,000 |
| | | 620,000 | | 576,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 107,500 | | 89,000 | |
| Airgead | 4,000 | | 850 | |
| Féichiúnaithe | 54,000 | | 56,000 | |
| Soláthar in aghaidh drochfhiach | (1,600) | | (1,200) | |
| Urrúis rialtais | 27,000 | | -------- | |
| Ús infheistíochta dlite | 2,100 | | 1,800 | |
| | 193,000 | | 146,450 | |
| **Lúide creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | | | | |
| Creidiúnaithe | 64,000 | | 72,000 | |
| Rótharraingt bhainc | 15,000 | | 25,000 | |
| Cánachas | 55,000 | | 51,200 | |
| Ús iníoctha dlite | 1,400 | | 2,000 | |
| | 135,400 | 57,600 | 150,200 | (3,750) |
| | | 677,600 | | 572,250 |
| **Maoinithe ag:** | | | | |
| **Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis 1 bhliain** | | | | |
| Bintiúir 8% | 120,000 | | 80,000 | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscaireanna @ €1 an ceann | 510,000 | | 450,000 | |
| Scairbhiseach | 12,000 | | ----------- | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 35,600 | | 42,250 | |
| | | 677,600 | | 572,250 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:

(i) Eisíodh na scaireanna ar €1.20 an ceann ar 01/01/2018.

(ii) Sócmhainní seasta a chosain €70,000 agus a ndearnadh soláthar €27,000 i leith dímheas iomlán orthu, díoladh ar €41,300 iad.

(iii) Eisíodh bintiúir, €40,000, ar 30/09/2018.

(iv) An díbhinn iomlán a íocadh don bhliain ná 6c an scair.

(v) Gearradh cáin €51,000 ar bhrabúis don bhliain.

(vi) Tugann na hinfheistíochtaí luaite toradh seasmhach 6% sa bhliain.

(vii) Tá cáilmheas le hamúchadh thar thréimhse sé bliana, ag tosú in 2018.

**Iarrtar ort**:

**(a)** (i) Cuntas brabúis agus caillteanais giorraithe a ullmhú chun an brabús oibriúcháin don bhliain dar chríoch 31/12/2018 a fháil.

(ii) Ráiteas ar shreabhadh airgid Mhic Siacais cpt a ullmhú don bhliain dar chríoch 31/12/2018, ráitis imréitigh san áireamh.

(88)

**(b)** (i) Mínigh cad atá i gceist le mír neamhairgid.

Tabhair **trí** shampla, agus úsáid figiúirí a tugadh thuas.

(ii) Mínigh **dhá** mhír a bhfuil tionchar acu ar airgead tirim ach nach bhfuil tionchar acu ar bhrabús.

(12)

**(100 marc)**

**ROINN 3 (80 marc)**
Freagair ceist **AMHÁIN**

**8. Cionroinnt Forchostas/Jabchostáil**

Tá dhá roinn táirgeachta, X agus Y, agus dhá roinn fosheirbhísí, 1 agus 2, ag Ó Ruanaí Teo.

Baineann na costais seo a leanas le 2019.

| | Iomlán | Táirgeacht X | Táirgeacht Y | Seirbhís 1 | Seirbhís 2 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| Ábhair neamhdhíreacha | 480,000 | 265,000 | 215,000 | -------- | -------- |
| Saothar neamhdhíreach | 420,000 | 280,000 | 140,000 | -------- | -------- |
| Cothabháil meaisíní | 18,000 | | | | |
| Dímheas ar fhoirgnimh mhonarchan | 36,000 | | | | |
| Solas agus teas monarchan | 24,000 | | | | |
| Glanadh monarchan | 10,000 | | | | |
| Ceaintín monarchan | 8,750 | | | | |

Baineann an t-eolas seo a leanas leis na ranna táirgeachta agus seirbhísí:

| | Iomlán | Táirgeacht X | Táirgeacht Y | Seirbhís 1 | Seirbhís 2 |
|---|---|---|---|---|---|
| Toirt ina méadair chiúbacha | 9,000 | 4,500 | 2,250 | 1,500 | 750 |
| Achar urláir ina mhéadair chearnacha | 2,000 | 1,000 | 600 | 200 | 200 |
| Líon na bhfostaithe | 700 | 300 | 300 | 100 | -------- |
| Luach na bhfoirgneamh de réir na leabhar (€) | 900,000 | 450,000 | 225,000 | 150,000 | 75,000 |
| Uaireanta meaisín | 80,000 | 48,000 | 32,000 | ---------- | --------- |
| Uaireanta saothair | 40,000 | 10,000 | 30,000 | ---------- | --------- |

Tá na ranna seirbhísí le haistriú go dtí na ranna táirgeachta de réir na gcéatadán seo a leanas:

| | Táirgeacht X | Táirgeacht Y |
|---|---|---|
| Seirbhís 1 | 60% | 40% |
| Seirbhís 2 | 55% | 45% |

Tá Jab Uimh. 925 díreach críochnaithe anois. Baineann na sonraí seo leis:

| | Ábhair dhíreacha | Saothar díreach | Uaireanta Meaisín | Uaireanta Saothair |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | | |
| Táirgeacht X | 8,500 | 3,000 | 100 | 50 |
| Táirgeacht Y | 3,800 | 4,900 | 120 | 200 |

Déanann an chuideachta buiséadú do chorrlach brabúis de 20%.

**Iarrtar ort**:

**(a)** An forchostas atá le hionsú ag gach roinn a ríomh, agus an bonn cionroinnte a úsáideadh a thaispeáint go soiléir.

**(b)** Costais na ranna seirbhísí a aistriú go dtí na ranna táirgeachta, X agus Y.

**(c)** Ráta ionsúite forchostais oiriúnach a ríomh do gach roinn.

**(d)** Praghas díola do Jab Uimh. 925 a ríomh.

**(e)** (i) Mínigh an fáth ar gá forchostais na ranna seirbhísí a aistriú chuig na ranna táirgeachta.

(ii) Déan idirdhealú idir leithdháileadh, cionroinnt agus ionsú na gcostas.

**(80 marc)**

**9. Buiséadú Táirgeachta**

Chríochnaigh Winston Teo. a réamhaisnéis bhliantúil díolachán go dtí deireadh 2020, le gairid. Tá siad ag súil le dhá tháirge a dhíol – Dorcha ag €250 agus Geal ag €300.

Tá méadú de 10% le cur i bhfeidhm ar na stoic go léir ó na leibhéil tosaigh faoi dheireadh 2020 agus tá siad á luacháil de réir an mhodha TITA (FIFO).

| | **Dorcha** | **Geal** |
|---|---|---|
| Díolacháin ionchais | 12,600 aonad | 7,500 aonad |

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na stoic d'earraí críochnaithe ar 01/01/2020:

| | |
|---|---|
| Dorcha | 650 aonad ar €180 an ceann |
| Geal | 420 aonad ar €240 an ceann |

Úsáidtear na hamhábhair agus an saothar oilte céanna sa dá tháirge ach i gcainníochtaí éagsúla in aghaidh an aonaid mar seo a leanas:

| | **Dorcha** | **Geal** |
|---|---|---|
| Ábhar 1 | 5 kg | 7 kg |
| Ábhar 2 | 6 kg | 4 kg |
| Saothar oilte | 6 uair an chloig | 8 n-uair an chloig |

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na stoic amhábhar ar 01/01/2020:

| | |
|---|---|
| Ábhar 1 | 6,500 kg @ €2.80 an kg |
| Ábhar 2 | 5,500 kg @ €5.10 an kg |

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh praghsanna na n-amhábhar in 2020:

| | |
|---|---|
| Ábhar 1 | €3.00 an kg |
| Ábhar 2 | €6.00 an kg |

Meastar gur €16 in aghaidh na huaire an ráta saothair oilte.

Meastar gur mar seo a leanas a bheidh na forchostais táirgeachta:

| | |
|---|---|
| Athraitheach | €5.50 in aghaidh na huaire de shaothar oilte |
| Seasta | €681,630 sa bhliain |

**Iarrtar ort**:

**(a)** Buiséad táirgeachta a ullmhú (in aonaid).

**(b)** Buiséad ceannachán amhábhar a ullmhú (in aonaid agus in €).

**(c)** Buiséad costas táirgeachta/déantúsaíochta a ullmhú.

**(d)** Cuntas trádála buiséadaithe a ullmhú (iarrtar ort costas aonaid an stoic dheiridh bhuiséadaithe a ríomh don dá tháirge).

**(e)** Mínigh **trí** chúis atá le costáil táirgí.

**(80 Marc)**